Scéim Tosaíochta do Bhusanna don Pháirc Mhór

NUACHTLITIR - Eagrán 1

2 Feabhra 2024

FÁILTE CHUIG AN gCÉAD EAGRÁN DE NUACHTLITIR DE CHUID SCÉIM TOSAÍOCHTA NA PÁIRCE MÓIRE

An Obair atá Beartaithe:

Is éard atá i gceist leis an scéim Tosaíochta Busanna atá luaite leis bPáirc Mhór ná lána bus ó dheas a thógáil uaidh Bhóthar na Páirce Móire ó thimpeallán Pháirc Ghnó na Páirce Móire go hAcomhal Bhóthar Mhuine Mheá. Áiríonn an scéim seo freisin uasghráduithe ar Acomhal Comharthaíochta Bhóthar Mhuine Mheá, sé stad bus agus ceithre thrasrian coisithe nua le comharthaí a thógáil agus chur in oiriúint, agus cosáin nua ardchaighdeáin ar fad na scéime ina hiomláine.

Cuspóirí na Scéime:

- Áiseanna feabhsaithe iompair phoiblí a sholáthar do cheantar na Páirce Móire.
- Timpeallacht choisithe níos fearr agus níos sábháilte a sholáthar, ag nascadh na n-gnóthaí agus na háiseanna éagsúla i gceantar na Páirce Móire
- Tacú le forbairt Pháirc Ghnó na Páirce Móire amach anseo

Cén fhad a thógfaidh an obair?

Cuirfear tús leis an obair ar an 19 Feabhra 2024 agus táthar ag súil go mbeidh siad críochnaithe sa gcéad cheathrú de 2025. Beidh bainistíocht tráchta sealadach i bhfeidhm ar Bhóthar na Páirce Móire le linn na hoibre. Cuirfear eolas ar obair bheartaithe agus atá le teacht in iúl do Chónaitheoirí Bhóthar na Páirce Móire agus d'Úinéirí Gnó trí nuashonruithe i nuachtlitir rialta.

Tá an obair á chur i gcrích ag Jons Civil Engineering agus is iad DBFL na hInnealtóirí Comhairleacha don tionscadal. Tá an tionscadal á chur i gcrích thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus tá sé maoinithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair.
Tuigeann na páirtithe ar fad atá luaite leis go gcuirfidh na obair isteach ar an gceantar. Tá muid fíorbhuíoch as bhur gcuid foighne agus ba mhaith linn leithscéal a ghabháil dá bharr.

Fíor 1 – Léiriú 3T ar Chorrán Bhaile an Bhriota

Jons

DBFL CONSULTING ENGINEERS

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Scéim Tosaíochta Busanna don Pháirc Mhór

Leagan amach conaire agus ama:

- Cuirfear an plean i bhfeidhm i dtrí chéim.



Fíor 2 – Leagan amach an togra de réir céime

- Díreofar an obair ar dtús ar acomhal Chéim 1 - Bóthar na Páirce Móire/Bóthar Mhuine Mheá.
- Déanfar an obair ag an acomhal seo a phleanáil go cúramach agus a chuir in ord i gcéimeanna chun cur isteach ar thrácht a laghdú.
- Beidh gá le idirghabháil bainistíochta tráchta sealadacha ina n-áirítear roinnt lánaí a dhúnadh leis an obair a éascú.
- Beidh atreoruithe sealadacha coisithe agus rotharbhealaí i bhfeidhm freisin timpeall an limistéir oibre de réir mar is gá.
- Lena laghad cur isteach agus ar féidir a dhéanamh ar an trácht beidh gá le roinnt oibre san oíche. Tabharfar fógra do na háitritheoirí a mbeadh tionchar orthu sula dtosófaí.
- Coinneofar an pobal ar an eolas ar an nuacht is deireanaí nuachtlitir rialta



Fíor 3 – Leagan amach conaire den chéad chéim

TUILLEADH EOLAIS

Déan teagmháil linn: Jons Civil Engineering:
0860835461 or donalkelly@jonscivil.ie